# Is breá liom Fleadh Cheoil na hÉireann – an fháilte, an chraic, an aimsir... canúint Loch Garman féin fiú!



**Ar bís:** Dáithí le Muireann Nic Amhlaoibh ag Fleadh Cheoil na hÉireann i Loch Garman

DÁITHÍ
**Ó SÉ**



Thiteas i ngrá le Baile Loch Garman ag an ndeireadh seachtaine, bhíos ann don bhFleadh Cheoil.

Anois cé go rabhas ag obair thugas tamall gach lá ag siúl timpeall an bhaile agus caithfidh mé a rá go bhfuil an baile déanta d'ócáid mar seo. Tá na sráideanna beaga deasa **oiriúnach** do cheoltóirí teacht le chéile agus mise a rá libh, bhí ceol, rince agus amhráin timpeall gach coirnéil.

Uaireanta i rith an deiridh seachtaine ní raibh fonn orm dul ag obair in aon chor ach ní raibh aon rogha agam.

Cuireadh fáilte mhínádúrtha romhainn ar fad agus sin ceann dos na rudaí a bhí á rá ag gach éinne. Bhí sé ana-shoiléir go raibh bród mhuintir na háite le feiscint, bhí an baile chomh glan luath gach maidin agus mé amuigh ag siúl agus ní fios dúinn an obair ar fad a chuaigh isteach ann le tamall anuas chun an rud ar fad a tharrac le chéile.

Níl aon dabht ann ach go raibh siad ana-shásta leo fhéin leis an tslí a chuaigh an ócáid dóibh agus an ceart ar fad ach.

Leis an bhfáilte seo tháinig **canúint** Loch Garman agus is breá liom é – canúint a sheasann amach do dhaoine i gcónaí agus istigh ina lár tá ceol le cloisint dár liom.

Tá cara agam ón dtaobh seo tíre agus cheap sí le fada go rabhas ag magadh mar gheall air agus a canúint go háirithe, ach ní rabhas. Dúirt duine éigin liom go bhfuil difríocht ann idir canúint thuisceart agus dheisceart an chontae. Nílim ag an leibhéal sin go fóill.

Is ar na sráideanna a mhaireann croí na hócáide seo dar liom. Níl aon dabht ann ach go gcuir an aimsir go mór leis chomh maith, bhuel bíonn daoine ag caint ar an 'sunny south-east', ní rabhadar ag magadh. Bhí sé ar nós go raibh an domhan ar fad tar éis filleadh ar an mbaile seo don tseachtain, ach le fadhbanna an domhain chéanna fágtha sa bhaile.

Tá ardú croí ann dom nuair a chím leanaí óga ag seimint ar na sráideanna seo le geansaithe contae orthu. Bíonn grúpa le ceol agus geansaithe difriúla gach céad slat as a chéile agus éiríonn le gach éinne acu a rud a dhéanamh. Bíonn cúpla euro á dhéanamh acu chomh maith agus is maith é sin. Sé an diabhal a bheith ag obair saor in aisce.

Tá saoirse iontach anseo dóibh agus in áit shábháilte. Ní dóigh liom go dtarlódh a leithéid in áit ar bith eile.

Beidh an Fhleadh ar an mbaile seo chomh maith an bhliain seo chugainn agus an t-aon rud breise atá mé chun a dhéanamh is ea dul amach ar an bhfarraige. Thugas an deireadh seachtaine ar fad ag féachaint ar dhaoine ag dul isteach agus amach agus bhí fonn orm dul amach leo. Ní rabhas ar an bhfarraige sa taobh seo tíre riamh agus caithfear é sin a réiteach.

An Fhleadh críochnaithe do bhliain eile agus níl ach stop amháin fágtha roimh deireadh an tsamhraidh agus sin Trá Lí. Go bhfóire Dia orainn ach tá an samhradh ag sleamhnú uainn.

## FOCLÓIRÍN

**oiriúnach:** fitting
**canúint:** dialect

---

An Bord Pleanála

## Achtanna na mBóithre 1993 go 2015
## Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 go 2023

### ABP-317679-23

**Fógra faoi chinneadh de chuid an Bhoird Phleanála maidir le Scéim Chroí-Lána Bus ón Rinn go Lár na Cathrach, iad araon i gContae Bhaile Átha Cliath.**

Rinne an Bord Pleanála ordú, an 1 Lúnasa, 2024, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí atá dílsithe dó le halt 51 d'Acht na mBóithre, 1993, chun an bóthar beartaithe mar a chuir an tÚdarás Náisiúnta Iompair isteach é, a cheadú faoi réir coinníollacha.

**Seo achoimre ar choinníollacha chinneadh an Bhoird::**

1. Déanfar agus críochnófar an fhorbairt bóthair de réir na bpleananna agus na sonraí a taisceadh leis an iarratas, ach amháin nuair is gá a mhalairt chun na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh.
2. (a) Cuirfear i bhfeidhm go hiomlán gach gealltanas maolaithe agus comhshaoil a shainaithnítear sa Ráiteas Tionchair Natura mar chuid den fhorbairt atá beartaithe.
   (b) Cuirfear i bhfeidhm go hiomlán gach gealltanas maolaithe agus comhshaoil a shainaithnítear sa Tuarascáil ar Ráiteas Tionchair Natura mar chuid den fhorbairt atá beartaithe.
3. Ceapfaidh an conraitheoir éiceolaí. I gcás inar cuí, déanfaidh speisialtóirí faireachán. Áireofar sceidil mhonatóireachta sna Ráitis Sainláithreáin um Chosaint Ghnáthóga agus um Modh Athchuir.
4. Sula gcuirfear tús leis an bhforbairt, cuirfidh an forbróir isteach ar chomhaontú scríofa ón údarás pleanála Plean Caomhnaithe Madraí Uisce.
5. Cuirfidh an forbróir isteach ar chomhaontú scríofa ón údarás pleanála maidir le dearadh agus suíomh na mbuanbhoscaí nead d'fhorachain atá le suiteáil ina chomharsanacht.
6. Aontóidh an forbróir i scríbhinn leis an údarás pleanála sonraí an chineáil bailchríocha/ábhar don fhoirgneamh atá beartaithe do Chlub Rámhaíochta Phádraig.
7. Déanfar suíomh agus cineál deiridh na seastán páirceála rothar ar fud na scéime a chomhaontú i scríbhinn leis an údarás áitiúil faoi seach.
8. Aontóidh an forbróir i scríbhinn leis an údarás pleanála sonraí dhearadh agus leagan amach beacht na n-áiseanna trasnaithe do choisithe thar raonta rothar ag stadanna bus ar oileáin ar bhonn cáis.
9. Cuirfidh an forbróir Plean Bainistíochta Trácht Tógála agus Plean Bainistíochta Soghluaisteachta do Chéim na Tógála isteach le haghaidh na céime tógála den fhorbairt le comhaontú scríofa a fháil ón údarás pleanála.
10. Déanfaidh Speisialtóir Caomhnaithe Ailtireachta monatóireacht agus taifead ar gach obair ar Struchtúir Chosanta, agus ar struchtúir is díol spéise don oidhreacht chultúrtha, cuirfear Ráitis um Modh Athchuir faoi bhráid an údaráis phleanála lena gcoinneáil i gcomhad.
11. Déanfaidh an forbróir monatóireacht ar thorann le linn chéim tógála na forbartha bóthair atá beartaithe.
12. Comhlíonfaidh socruithe draenála ceanglais an údaráis phleanála ábhartha maidir le hoibreacha den sórt sin i gcéimeanna tógála agus oibriúcháin araon na forbartha atá beartaithe.
13. Tógfar aon slite éalaithe nua nó feabhsaithe d'uisce dromchla ar bhealach a chosnóidh gnáthóg bhruachánach ionas nach dtarlóidh ró-chreimeadh i ngnáthóg den sórt sin dá bharr.
14. Ullmhóidh an forbróir, i gcomhairle leis na gníomhaireachtaí reachtúla ábhartha, Plean Bainistíochta Timpeallachta Tógála nuashonraithe, ina n-ionchorprófar gach beart maolaithe a luaitear sa RTN agus sa TMTT.
15. Déanfaidh an forbróir monatóireacht ar am scuaine / moilleanna ag gach láthair oibreacha agus déanfar sreafaí tráchta a thaifeadadh ar an líonra áitiúil bóithre ag láithreacha a aontófar leis an údarás pleanála.
16. Sula n-athchuirfear crainn, fálta agus plandú atá le baint, beidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair i dteagmháil leis an úinéir talún ábhartha maidir le speicis, méid agus suíomh gach fásra athchuir.
17. Cuirfear bearta cosanta crann i bhfeidhm do gach crann atá ann cheana roimh thús na forbartha nó chéimeanna den fhorbairt.
18. Cuirfear gach mionsonraí maidir le tírdhreachtú bog faoi bhráid an údaráis phleanála sula gcuirfear i bhfeidhm iad.
19. Cuirfear sonraí cuimsitheacha faoin soilsiú poiblí beartaithe chun freastal ar an scéim atá beartaithe faoi bhráid an údaráis phleanála agus aontófar iad i scríbhinn leo, sula gcuirfear tús leis an bhforbairt.
20. Éascóidh an forbróir caomhnú, taifeadadh agus cosaint ábhar nó gnéithe seandálaíochta a d'fhéadfadh a bheith laistigh den láithreán. Seo na rudaí a dhéanfaidh an forbróir:
   (a) seandálaí cuícháilithe a fhostú, agus,
   (b) socruithe a dhéanamh, atá inghlactha don údarás pleanála, chun aon ábhar seandálaíochta is cuí leis an údarás a bhaint a thaifeadadh agus a thabhairt ar shiúl.
21. Cuirfidh an forbróir Plean Bainistíochta Speicis Ionracha faoi bhráid an údaráis phleanála, ina mbeidh sonraí de shuirbhé réamhthógála atá le déanamh.
22. (a) Scrúdófar na crainn atá le leagan sula leagtar agus scriosfar iad le fáil amach an bhfuil faraí ialtóg iontu.
   (b) Ní dhéanfar aon ghlanadh talún agus ní ghlanfar aon fhásra idir 1 Márta agus 31 Lúnasa, mura gcomhaontófar a mhalairt leis an údarás pleanála.

Gheofar téacs iomlán chinneadh an Bhoird, lena n-áirítear coinníollacha, ar láithreán Gréasáin an Bhoird ag https://www.pleanala.ie/en-ie/case/317679. Beidh cóip de chinneadh an Bhoird agus an EIAR ar fáil lena scrúdú ag oifigí an Údaráis Náisiúnta Iompair le linn uaireanta oifige ar laethanta oibre ar feadh tréimhse 8 seachtaine ag tosú ar dháta foilsithe an fhógra seo.

Féadfaidh duine ar bith ceist a chur faoina bhailí atá cinneadh de chuid an Bhoird i bhfoirm athbhreithniú breithiúnach, faoi Ordú 84 de Rialacha na Cúirte Uachtaraí (I.R. Uimh. 15 de 1986), de réir alt 50 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (leasaithe).

Gheofar eolas praiticiúil ar mhodh an athbhreithnithe faoin gceannteideal Fógraí Dlíthiúla – Fógra faoi Athbhreithniú Breithiúnach ar láithreán gréasáin an Bhoird www.pleanala.ie nó ar láithreán gréasáin na Seirbhíse Eolais do Shaoránaigh www.citizensinformation.ie.

**Dáta an fhoilsithe: Dé Céadaoin, 14 Lúnasa 2024.**